Ceist i gcomhair freagra i scríbhinn E-005517/2020
ar an gCoimisiún
Riail 138
Erik Marquardt (Verts/ALE), **Marie Toussaint** (Verts/ALE), **Rasmus Andresen** (Verts/ALE), **Niklas Nienaß** (Verts/ALE), **Michael Bloss** (Verts/ALE), **Henrike Hahn** (Verts/ALE), **Özlem Demirel** (GUE/NGL), **Barry Andrews** (Renew), **Malin Björk** (GUE/NGL), **Sven Giegold** (Verts/ALE), **Saskia Bricmont** (Verts/ALE), **Pernando Barrena Arza** (GUE/NGL), **Clare Daly** (GUE/NGL), **Mick Wallace** (GUE/NGL), **Dietmar Köster** (S&D), **Cornelia Ernst** (GUE/NGL), **Martina Michels** (GUE/NGL), **Tanja Fajon** (S&D), **Irena Joveva** (Renew), **Ernest Urtasun** (Verts/ALE), **Abir Al-Sahlani** (Renew), **Miguel Urbán Crespo** (GUE/NGL), **Margrete Auken** (Verts/ALE), **Kira Marie Peter-Hansen** (Verts/ALE), **Bettina Vollath** (S&D), **Michèle Rivasi** (Verts/ALE), **Grace O'Sullivan** (Verts/ALE), **Patrick Breyer** (Verts/ALE), **Daniel Freund** (Verts/ALE), **Brando Benifei** (S&D), **Katrin Langensiepen** (Verts/ALE), **Damian Boeselager** (Verts/ALE), **Andreas Schieder** (S&D), **Jordi Solé** (Verts/ALE), **Jutta Paulus** (Verts/ALE), **Martin Sonneborn** (NI), **Viktor Uspaskich** (Renew), **Manon Aubry** (GUE/NGL), **Tineke Strik** (Verts/ALE), **Eugenia Rodríguez Palop** (GUE/NGL), **Anna Cavazzini** (Verts/ALE), **Leila Chaibi** (GUE/NGL), **Sarah Wiener** (Verts/ALE), **Marisa Matias** (GUE/NGL), **José Gusmão** (GUE/NGL), **Alexandra Geese** (Verts/ALE), **Isabel Santos** (S&D), **Rosa D'Amato** (NI), **Raphaël Glucksmann** (S&D), **Hannah Neumann** (Verts/ALE), **Sara Cerdas** (S&D), **Martin Häusling** (Verts/ALE), **Thomas Waitz** (Verts/ALE), **Pierrette Herzberger-Fofana** (Verts/ALE), **Delara Burkhardt** (S&D), **Ville Niinistö** (Verts/ALE), **Karen Melchior** (Renew), **Philippe Lamberts** (Verts/ALE)

Ábhar: Ionchúiseamh ENRanna sa Ghréig

Tá údaráis na Gréige ag déanamh ionchúiseamh ar 35 duine a oibríonn do ENRanna as gáinneáil ar dhaoine a éascú. Is náisiúnaigh sheachtracha iad cuid acu, agus is eagraíochtaí cuardaigh agus tarrthála Eorpacha go príomha iad na ENRanna. Maíonn na húdaráis go ndéanann siad a ngníomhaíochtaí a cheilt mar oibríochtaí daonnúla. I bhfianaise bheartais na Gréige a bhaineann leis an tearmann, is léir go bhfuil gníomhaíochtaí na ENRanna sin i dtaca le beatha daoine a shábháil agus a ngníomhaíochtaí faire ag teacht salach ar chuspóirí polaitiúla údaráis na Gréige. Is ionann coiriúlú ENRanna nó aon ghníomhaithe neamhstáit eile a dhéanann oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ar muir, i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil ábhartha, agus sárú ar an dlí idirnáisiúnta, agus dá bhrí sin ní cheadaítear é faoi dhlí AE, mar atá athdhearbhaithe ag an gCoimisiún sa treoir uaidh a tugadh le déanaí i ndáil leis an Treoir maidir le hÉascú.

1. Céard a dhéanfaidh an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear a threoir chun feidhme, ós rud é nach féidir ionchúiseamh a dhéanamh orthu siúd sa Ghréig atá ag cur cúnamh ar fáil trí dhaoine ar muir a tharrtháil?

2. Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún saoránaigh an Aontais Eorpaigh a chosaint ar ionchúiseamh neamhdhleathach ag na Ballstáit?

3. Ós rud é go gcuireann ionchúiseamh gníomhach ENRanna bac ar ghníomhaíocht riachtanach dhaonnúil agus abhcóideachta, caillltear daoine gach lá. Céard iad na straitéisí atá ag an gCoimisiún chun a áirithiú go ndéanfaidh an Ghréig urraim a thabhairt don oibleagáid maidir le beatha daoine a shábháil ar muir?